



Citizens **Information** Board
information · advice · advocacy

Plean Straitéiseach 2019-2021

**Seirbhísí Faisnéise, Comhairle,
Comhairle Airgid agus Abhcóideacht
dár bPobail**

BEALTAINE 2019

Clár Ábhar

Comhthéacs na straitéise	3
Réamhrá	3
Cúlra	4
Forbairt na straitéise	5
Fís agus luachanna	6
An Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí	7
Tosaíochtaí straitéiseacha.....	8
Cuspóirí na straitéise	8
Tosaíocht straitéiseach 1 – Cáilíocht agus infhaighteacht na seirbhíse a fheabhsú.....	9
Tosaíocht straitéiseach 2 – Forbairt agus nuálaíocht seirbhíse	11
Tosaíocht straitéiseach 3 – Comhdhlúthú agus soláthar	13
Cur i bhfeidhm	15

Comhthéacs na straitéise

Réamhrá

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an BFS) an comhlacht reachtúil a thacaíonn le seirbhísí faisnéise, comhairle, comhairle airgid agus abhcóideachta a sholáthar do bhaill den phobal ar an réimse fairsing seirbhísí sóisialta. Bunaíodh an BFS faoin Acht um Chomhairle, 2000, arna leasú ag an Acht um Fhaisnéis do Shaoránaigh 2007, an tAcht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008, agus an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2011. In 2009, shann an Rialtas freagracht as an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA) ar an BFS.

Mar ghníomhaireacht reachtúil, tagann an BFS faoi shainchúram na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Is é sainordú an BFS, faoi mar a shainítear sna hAchtanna, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go mbíonn teacht ag daoine aonair ar fhaisnéis chruinn, chuimsitheach agus shoiléir bhaineann le seirbhísí sóisialta
- Cabhrú agus tacú le daoine aonair, ach go háirithe daoine faoi mhíchumas, maidir lena riachtanais agus roghanna a shainaitheint agus a thuiscint
- Inrochtaineacht, comhordú agus feasacht phoiblí níos fearr ar sheirbhísí sóisialta a chur chun cinn
- Tacú le soláthar faisnéise ar éifeachtacht bheartas agus seirbhísí reatha sóisialta agus é a chur chun cinn agus a fhorbairt agus saincheistanna a thabhairt chun solais arb ábhar buartha iad do dhaoine a úsáideann na seirbhísí siúd
- Tacú le seirbhísí abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas nó iad a sholáthar go díreach

- Tacú le comhairle a sholáthar ar fhiachas pearsanta agus bainistíocht airgid tríd an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA)

Misean

Is é misean an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a chinntiú gur féidir le daoine teacht ar faisnéis, comhairle, comhairle airgid agus seirbhísí abhcóideachta sármhaithe, eolas a sholáthar do agus tionchar a imirt ar fhorbairt beartais shóisialta, bunaithe ar eispéiris daoine aonair.

Reáchtálann an BFS an láithreán gréasáin citizensinformation.ie agus foilsíonn sé roinnt foilseachán agus tréimhseachán. Cuirtear seirbhísí ar fáil go díreach (tríd an láithreán gréasáin) agus trí 21 cuideachta soláthair seirbhíse. Is iad seo:

- 8 gcuideachta réigiúnacha na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SFS)
- 8 gcuideachta réigiúnacha na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid (an SBCA)
- Seirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas (an SAN)
- An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh (an SGFS)
- Forbairt Náisiúnta an SBCA (FN an SBCA)
- SBCA an Lucht Siúil Náisiúnta (SBCA an LSN)
- Seirbhísí Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta (SATC)

Plean uileghabhálach agus cuimsitheach is ea an straitéis seo don BFS agus na cuideachtaí soláthair seirbhíse, a cheadaíonn dúinn oibriú go dlúth lena chéile lena chinntiú go mbaintear torthaí níos fearr amach do dhaoine.

Cúlra

Dhírigh ár bPlean Straitéiseach deireanach ar struchtúir na SFSanna seo agus an SBCA a leasú chun freastal níos fearr ar dhaoine trí fheabhas a chur ar struchtúir bhainistíochta agus rialachas. Rinneadh an obair sin a chríochnú i nDeireadh Fómhair 2018 agus tá an feabhas á thabhairt faoi deara cheana féin againn atá á chur ar cháilíocht na gcuideachtaí soláthair seirbhíse.

Tá an bealach á athrú ag an teicneolaíocht a sholáthraítear seirbhísí, agus tá díriú níos mó ar sheirbhísí digiteacha agus seirbhísí a sholáthar agus a chur chun cinn trí na meáin shóisialta. Tá gnáthrudáí á ndéanamh de réir a chéile as úsáid a bhaint as Intleacht shaorga (IS) trí bhotaí comhrá agus foghlaim mheaisín, glórsheirbhís, agus físeán ar éileamh. Cuireann na feabhsúcháin seo ar an teicneolaíocht deiseanna ar fáil don BFS chun na seirbhísí digiteacha a fhorbairt a mbeidh súil ag an gcéad ghlúin eile leo.

Ullmhaíodh an straitéis seo i gcomhthéacs an mhéid seo a leanas:

- An gá atá le tacú le hathstruchtúru soláthair seirbhíse ar bhealach a fheabhsaíonn cáilíocht sheirbhísí agus a dhéanann é a chomhdhlúthú
- Ceanglais leasaithe reachtaíochta agus rialála, ceanglais níos déine ina measc ar charthanas agus ar chosaint sonraí
- Ailíniú a dhéanamh le cuspóirí straitéiseacha an Rialtais agus na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, ár máthair-Roinn
- Deiseanna a chuireann forbairtí teicneolaíochta ar fáil
- Athruithe struchtúracha laistigh de líonra seirbhísí an BFS, atheagrú struchtúir bhainistíochta laistigh den BFS ina measc
- Dearcadh réalaíoch i leith na fála a mbíonn súil leis ar acmhainní breise
- Ár dtiomantas don dualgas maidir le comhionannas agus cearta daonna san earnáil phoiblí

Forbairt na straitéise

Chun an Plean Straitéiseach seo a fhorbairt, bhunaigh Bord an grúpa oibre atá freagrach as an treoir straitéiseach a leagan amach agus as ceannaireacht a sholáthar. Thug siad faoi chomhairliúchán fairsing leis an mbainistíocht, an fhoireann agus an fheidhmeannacht sa BFS chun uailmhianta agus spriocanna fairsinge a leagan amach don todhchaí. Trí chomhairliúcháin, ceardlanna agus aighneachtaí ó na cuideachtaí soláthair seirbhíse, rinne an grúpa oibre na spriocanna siúd a chúngú anuas go dtí trí thosaíocht straitéiseacha inghníomhaithe.

Fís agus luachanna

Fís

Éire ina bhfuil faisnéis agus comhairle leordhóthanach ag gach duine chun go dtuigeann siad a gcearta, agus a dhéanann soláthar, ach go háirithe, dóibh siúd is leochailí.

Chuir na luachanna seo a leanas a seasaimid leo agus a chuirimid i bhfeidhm go fóill i ngach gné dár n-obair, eolas ar fáil dár straitéis.

- **Ar fáil do chách.** Cuirfimid faisnéis, comhairle, comhairle airgid agus abhcóideacht neamhspleách, neamhchlaonta, rúnda agus neamhbhreithiúnach ar fáil atá inrochtana do chách.
- **Freagrúlacht:** Leanfaimid ag éisteacht agus le machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár seirbhísí lena chinntiú go bhfuil siad freagrúil do chásanna athraitheacha agus do riachtanais atá ag teacht chun cinn. Bainfimid an úsáid is fearr as teicneolaíochtaí nua agus as deiseanna eile.
- **Seirbhís do chustaiméirí:** Táimid tiomanta do thacú le seirbhís ghairmiúil, neamhchlaonta agus thráthúil atá freagrúil do riachtanais daoine.
- **Rúndacht:** Léireoidimid meas ar cheart chun príobháideachais daoine aonair agus cuirfimid an ceart sin chun cinn.
- **Díriú ar cháilíocht:** Oibreoidimid chun feabhas leanúnach a chur ar ár bpróisis, táirgí agus seirbhísí chun freastal ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara go léir.
- **Sármhaitheas:** Lorgóimid chun an fheidhmíocht is fearr a bhaint amach trínár bhfoireann a spreagadh chun táirgí agus seirbhísí a sholáthar a sháraíonn cuspóirí, riachtanais agus ionchais.
- **Ceannaireacht:** Cuirfimid ceannaireacht thacúil agus ceannaireacht smaointe inár limistéir saineolais ar bhealach a théann chun sochair gach duine.
- **Comhionannas agus cearta daonna a chur chun cinn:** Cinnteoidimid go mbuntacaíonn comhionannas agus cearta daonna lenár ngníomhaíochtaí go léir.

An Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí

Faoi Alt 42(1) den Acht Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá dualgas ar an BFS, mar a chéile le gach comhlacht poiblí, chun aird a thabhairt ar an ngá atá leis an méid seo a leanas a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna:

- Deireadh a chur le hidirdhealú
- Comhionannas deiseanna agus an bealach a chaitear lena fhoireann agus leis na daoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chur chun cinn
- Cearta daonna a bhall, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint, a chur chun cinn agus a shásamh

Ina phlean straitéiseach, caithfidh an BFS na saincheistanna um chearta daonna agus comhionannas a mheasúnú agus a shainaithint a chreideann sé a bhaineann lena fheidhmeanna agus lena chuspóir, agus na gníomhartha atá á ndéanamh aige nó a bheartaíonn sé a dhéanamh, chun dul i ngleic leis na saincheistanna siúd. Tá an BFS tiomanta do thabhairt faoi mheasúnú iomlán ar na saincheistanna um chearta daonna agus comhionannas a bhaineann lenár bhfeidhmeanna i gcaitheamh shaolré an phlean seo.

Is éard a bhainfidh le gníomhaíochtaí uile an BFS ná cearta na daoine ar a bhfreastalaímid a chur chun cinn. Príomhghné de gach ceart eile a chur ar an eolas agus a chur i bhfeidhm is ea an ceart chun faisnéis a fháil. Tá gach gné den Phlean Straitéiseach seo dírithe ar a chinntiú go mbíonn teacht ag daoine aonair ar sheirbhísí agus faisnéis a chuireann ar a gcumas a gcearta a chur i bhfeidhm.

Tosaíochtaí straitéiseacha

Cuspóirí na straitéise

Is é déchuspóir na straitéise chun cur leis an obair athstruchtúraithe agus atógála obair faoinar tugadh le blianta beaga anuas agus chun tairbhí na n-infheistíochtaí seo a bhaint chun cáilíocht agus inrochtaineacht níos fearr ar sheirbhísí a sholáthar.

Cruthaíonn críochnú an athstruchtúraithe in 2018 deiseanna móra, ach aithnímid go dteastaíonn tacaíocht agus comhdhlúthú ó na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm le déanaí i gcaitheamh shaolré an phlean seo, go háirithe sa chéad bhliain nó dhó eile amach romhainn. Léirítear seo fud fad an phlean, agus leagtar amach roinnt gníomhartha sonracha faoinár tríú Tosaíocht Straitéiseach chun tairbhí an athstruchtúraithe a chomhdhlúthú agus a sholáthar.

Seo a leanas na tosaíochtaí straitéiseacha chun ár ndéchuspóir a bhaint amach:

- 1. Cáilíocht agus infhaighteacht seirbhíse a fheabhsú chun ardchaighdeán comhsheasmhach a bhaint amach trí chreat nua-aimseartha intomhaiste seirbhísí faisnéise, comhairle, comhairle airgid a bhaint amach abhcóideachta.**
- 2. Forbairt agus nuálaíocht seirbhíse a shainnithint, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.**
- 3. Acmhainn líonra seirbhísí an BFS a fhorbairt, ceannaireacht agus tacaíocht ina measc, chun tairbhí an athstruchtúraithe a chomhdhlúthú agus a sholáthar.**

Tosaíocht straitéiseach 1 – caighdeán agus inrochtaineacht seirbhíse a fheabhsú

Feabhas a chur ar chaighdeán agus inrochtaineacht seirbhíse chun ardchaighdeán a bhaint amach go seasta agus úsáid á baint as creatlach nua-aimseartha intomhaiste Faisnéise, chomhairle, comhairle airgid agus seirbhísí abhcóideachta.

Cuirtear ár seirbhísí ar fáil trí réimse cainéal rochtana (ar líne, ar an teileafón agus duine le duine). Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) an suíomh gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh fáil go díreach, agus soláthraíonn ár gcuideachtaí seachadta na seirbhísí teileafóin agus duine le duine ar fad. Ní mór dúinn an fhorbairt a dhéanaimid amach anseo ar an réimse agus caighdeán seirbhíse a bhunú ar riachtanais an phobail agus an méid a bhfuil siad ag súil leis.

Thar shaolré an phlean seo, déanfaimid an méid seo a leanas:

- Tacaíocht a thabhairt do straitéisí réigiúnacha forbartha seirbhíse, agus iad a chur chun cinn, chun seirbhísí seasmhacha ar ardchaighdeán a sholáthar trí na cuideachtaí soláthair seirbhíse.
- Tomhais bhonnlíne ar chaighdeán agus éifeachtúlacht a bhunú, tomhais a ndéanfar dul chun cinn a thomhas agus a thuairisciú dá réir agus a ndéanfar anailís orthu. Chuipe sin, forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm na córais agus na huirlisí atá ag teastáil chun scrúdú a dhéanamh ar na torthaí a soláthraítear agus tuairisciú a dhéanamh orthu.
- Straitéis dhigiteach a chruthú agus a chur i bhfeidhm chun forbairt a dhéanamh ar réimse agus inrochtaineacht ár n-acmhainní ar líne go léir, citizensinformation.ie san áireamh. Déanfar é sin trí úsáid a bhaint as na forbairtí teicneolaíochta is déanaí i réimsí cosúil leis na meáin shóisialta. Áireofar leis sin tacaíocht dhigiteach chuidithe.
- Béim níos láidre ar na torthaí a sholáthraítear agus a bhaintear amach a chur chun cinn, agus tógáil ar fhorbairt na gcóras chun cásanna aonair a bhainistiú.

- Tacú le forbairt seirbhísí abhcóideachta feabhsaithe sa tSeirbhís Faisnéise do Shaoránaigh (SFS) agus an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta (SAN), agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcumas chun ról lárnach nó comhordaithe a ghlacadh maidir le seirbhísí abhcóideachta a chur ar fáil.
- Líonrú agus comhoibriú seachtrach le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt.
- Seirbhísí feabhsaithe a fhorbairt dóibh siúd a úsáideann an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (SBCA), lena n-áirítear oideachas bainistíochta airgid, suíomh gréasáin athfhorbartha agus seirbhís ar líne.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár mbeartais caidrimh phoiblí agus chumarsáide agus é mar aidhm againn cur in iúl níos soiléire conas a dhéanaimid difear.

Thar shaolré an phlean straitéisigh seo, forbróimid sraith príomhtháscairí feidhmíochta a chuirfear san áireamh le gach Plean Gnó bliantúil.

Tosaíocht straitéiseach 2 – Forbairt seirbhíse agus nuálaíocht

Forbairt seirbhíse agus nuálaíocht a shainithint, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

Le blianta beaga anuas, tá athrú tagtha ar nádúr agus pátrúin an éilimh ar sheirbhísí. Faigheann daoine rochtain ar ár seirbhísí faisnéise ar líne níos mó agus níos mó, cé go mbraitheann cuid shuntasach na ndaoine ar na cainéil teileafóin agus duine le duine go fóill. Ag an am céanna, tá an t-éileamh ar sheirbhísí abhcóideachta agus comhairleacha á fhás go fóill, ó thaobh an mhéid agus na castachta de. Ní mór cultúr barr feabhais a fhorbairt ar bhonn leanúnach chun go mbeidh an cumas againn freagairt a dhéanamh ar athrú i gcónaí.

Tá sé de chuspóir againn a chinntiú go soláthraítear seirbhísí atá ar ardchaighdeán go seasta ar fud na tíre, agus go bhfuil na caighdeáin atá ag teastáil leagtha amach go soiléir sna Comhaontuithe Seirbhíse. Ag an am céanna, táimid ag iarraidh a chinntiú go bhfuil an tsolúbthacht ag cuideachtaí aonair agus go bhfuil sé de rogha acu a soláthar seirbhíse a chur in oiriúint do riachtanais ar leith a réigiúin, agus go spreagtar iad dul i mbun nuálaíochta agus forbartha i ngach gné dá gcuid oibríochtaí.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Bearnaí i seirbhísí agus deiseanna forbartha seirbhíse a shainithint. Déanfaimid measúnú ar roghanna chun na cainéil ar líne, teileafóin agus duine le duine a thabhairt le chéile chun seirbhís níos comhtháite agus níos éifeachtaí a chur ar fáil.
- Anailís a dhéanamh ar phatrúin an éilimh ar fud ár gcuid seirbhísí agus ar citizensinformation.ie, agus freagairt do na hathruithe sin. Leagfar béim ar leith ar fhorbairt na seirbhísí abhcóideachta chun riachtanais na ndaoine, atá ag éirí níos casta, a chomhlíonadh.
- Ár ról i mbeartas sóisialta a fhorbairt sna réimsí gníomhaíochta ar fad, ó cheisteanna aonair go dtí bearta a dhéanann Bord BSF, ionas go mbainfimid úsáid níos éifeachtaí as córais aiseolais. Glacfaidh Bord an BSF ról níos gníomhaí ach go háirithe in athbhreithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí beartais shóisialta, bunaithe ar ár

idirghníomhaíochtaí leis an bpobal agus le soláthraithe, agus in athrú beartais a chur chun cinn más cuí.

- Córais a chur ar bun chun deis a thabhairt don fhoireann, oibrithe deonacha agus an pobal a smaointí a chur ar fáil. Déanfaimid athbhreithniú sistéamach ar shamplaí deachleachtais agus nuálaíochta laistigh de na heagraíochtaí soláthair seirbhíse agus chun tacú le nuálaíocht den chineál sin a rolladh amach.

Tosaíocht straitéiseach 3 – Daingnigh agus soláthar

Cumas líonra na seirbhísí BSF a fhorbairt, lena n-áirítear ceannaireacht agus tacaíocht, chun tairbhí an athchóirithe a dhaingniú agus a sholáthar.

Faoin Phlean Straitéiseach deireanach, rinne struchtúr na gcuideachtaí soláthair seirbhíse SFS agus SBCA a dhéanamh níos éifeachtaí, agus cuireadh 16 chuideachta réigiúnacha nua ar bun, ar an iomlán, in ionad na 93 cuideachta a bhí ann roimhe sin. Mar ullmhúchán dó sin, rinne leasú ar struchtúir eagraíochta agus bainistíochta an BSF féin mar fhreagairt do na hathruithe ar thosaíochtaí éilimh seirbhíse agus an gá a bhí ann le ceannaireacht agus tacaíocht ghníomhach ar fud líonra na seirbhísí BFS.

Mar a leagadh amach níos luaithe, is é an príomhchuspóir don chéad trí bliana eile ná an próiseas athraithe a dhaingniú agus a leabú agus tairbhí na n-athruithe sin a sholáthar do na daoine ar a bhfreastalaímid.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- Plean infheistíochta ilbhliantúil a ullmhú, agus tús a chur leis, i dtaca leis na líonraí TFC, na crua-earraí agus na bogearraí atá de dhíth mar bhonn ag soláthar na gcuispóirí gnó den phlean seo.
- Caidreamh nua oibre a shoiléiriú agus a fhorbairt leis na struchtúir soláthair seirbhíse sin, d'fhonn cultúir feidhmíochta agus barr feabhais a chruthú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ó am go ham ar struchtúir agus córais na dtacaíochtaí náisiúnta soláthair seirbhíse (na tacaíochtaí a chuireann BSF ar fáil san áireamh), agus athrú a dhéanamh orthu de réir mar is gá, chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm.
- Measúnú a dhéanamh ar roghanna chun gníomhaíochtaí cúloifige a dhéanamh níos éifeachtaí agus a chomhtháthú (cosúil le párolla, íocaíochtaí, bainistíocht airgeadais agus bainistíocht acmhainní daonna) ar fud líonra na seirbhísí BSF. Déanfar é sin trí mhodhanna seirbhíse roinnte a fhorbairt.

- Straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ionas go roinnfidh cuideachtaí soláthair seirbhíse agus an BSF oifigí, áiseanna agus seirbhísí fáiltithe más féidir, agus, ar an mbealach sin, laghdófar forchostais agus cuirfear seirbhís níos comhtháite ar fáil.
- Tacú le forbairt chumais laistigh de na cuideachtaí soláthair seirbhíse (na Boird nua de na cuideachtaí sin san áireamh) chun ardchaighdeán faisnéise, chomhairle, comhairle airgid agus abhcóideachta a choimeád agus a fhorbairt ar bhealaí a chomhlíonadh a bhfuil an pobal ag súil leis, agus chun torthaí éifeachtacha a sholáthar.
- Straitéis soláthair foirne agus plean lucht saothair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach seirbhís. Cuirfidh an plean sin creatlach ar fáil chun bainistíocht éifeachtacht a dhéanamh ar earcaíocht, úsáid agus forbairt foirne, agus aird á tabhairt ar athruithe ar phatrúin éilimh, straitéisí nua soláthair seirbhíse agus forbairt na teicneolaíochta.
- Rialachas agus cuntasacht a neartú trí úsáid a bhaint as cumas maoirseachta agus ceannaireachta Bhord an BSF agus a choistí, laistigh de chreatlach chomhtháite pleanála straitéisí agus gnó, agus trí phríomhtháscairí feidhmíochta.
- Córais tuairiscithe bainistíochta a neartú chun éascaíocht a dhéanamh ar mheasúnú ar chaighdeán na seirbhíse agus luach ar airgead.
- A chinntiú go bhfuil ár gcórais agus nósanna imeachta comhlíonta (cosúil le rialú inmheánach, iniúchadh, bainistíocht riosca, sláinte agus sábháilteacht, soláthar, cosaint sonraí agus slándáil) éifeachtach agus oiriúnach don fheidhm.

Cur i bhFeidhm

Leagtar amach inár bPlean Straitéiseach 2019-2021 na cuspóirí ginearálta don chéad trí bliana eile. Ón bhliain 2019 ar aghaidh, déanfaimid creatlach straitéiseach a chruthú a leagfaidh amach conas a chuirfimid an straitéis sin i bhfeidhm trí Phleananna Gnó bliantúla do 2019, 2020 agus 2021.

Úsáidfimid gach Plean Gnó chun an comhthéacs straitéiseach a leagan amach, príomhtháscairí feidhmíochta san áireamh, do na cláir oibre a sholáthrófar i gcaitheamh na bliana sin. Cuirfidh an cur chuige sin gastacht níos airde eagraíochtúil chun cinn laistigh de BSF agus déanfaidh sé forbairt ar ghaiscí na bliana roimhe sin. Ag an am céanna, cuirfidh sé ar ár gcumas díriú ar aon rioscaí, deiseanna nó dúshláin nua nach mór iad a mhaolú nó dul i ngleic leo.

Déanfar gach Plean Gnó a roinnt a thuilleadh ina phleananna oibre foirne, agus áireofar leis sin tascanna ardleibhéil do gach foireann. Beifear ábalta ansin buiséid a ailíniú go díreach le gach tasc ardleibhéil.

Cuirfidh na Pleananna Gnó creatlach ar fáil trína ndéanfaidh Bord an BSF agus a choistí athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le baint amach na gculpóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Phlean sin, agus trína gcomhlíonfaidh siad a bhfreagrachtaí maoirseachta. Cuirfidh na Pleananna Gnó bunús an tsoláthair seirbhíse ar fáil chomh maith, agus tacóidh siad le heagraíochtaí fad atá a gcláir bhliantúla oibre á n-ullmhú agus á gcur i bhfeidhm acu.

Is d'aon ghnó atá ár ráiteas straitéise gearr, ionas go mbeifear ábalta tuilleadh sonraí a chur ar fáil faoi ghnó na heagraíochtaí i ngach Plean Gnó. Déanfaidh tuilleadh forbartha ar ár gcórais tuairiscithe bainistíochta, agus éascóidh sé sin cur chuige comhtháite, ó bharr anuas agus ó bhun aníos, agus ó ghnéithe oibriúcháin (soláthar seirbhíse ar an túslíne) go dtí an leibhéal straitéiseach.